IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann 2020

Is tionscnamh seanbhunaithe Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann, atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus á bhainistiú ag an gComhairle.

Is í an Chomhairle an soláthraí scoláireachta aonair is mó in Éirinn. Lena n-áirítear dámhachtainí a dhéantar i gcomhar le fiontar (Scéim Chomhpháirtíochta Fiontair; Clár Iarchéime Bunaithe ar Fhostaíocht), de ghnáth, infheistíonn an Chomhairle i 280 scoláireacht iarchéime nua gach bliain.

I 2018, rinne an Chomhairle infheistíocht i 1,193 scoláire iarchéime san iomlán, agus tá os cionn 5,000 scoláireacht aonair do thaighde den scoth bronnta aici go dtí seo.

Tionscnamh náisiúnta seanbhunaithe

Is tionscnamh ar leith é Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann i dtírdhreach taighde na hÉireann agus comhlánaíonn sé na bealaí eile atá ann chun oideachas iarchéime a mhaoiniú. Seo cuid de na tréithe atá ag gabháil leis:

- dámhachtainí measúla do thaighde den scoth a dhéantar in ainm an iarrthóra;
- próiseas roghnúcháin oibiachtúil ag baint úsáid as piarmheasúnú shaineolaithe idirnáisiúnta neamhspleácha;
- maoiniú thar na disciplíní ar fad, ón seandálaíocht go dtí an zó-eolaíocht;
- taobh amuigh dóibh siúd a fhaigheann maoiniú ónár gcomhpháirtithe maoiniúcháin straitéiseacha, dámhachtainí do thaighde neamhstiúraithe, ón mbun aníos.

Tugann an clár deis do scoláirí sármhaithe a gcuid tionscadal taighde féin a stiúradh ag staid-luath ina ngairm bheatha, ag obair le maoirseoir, i cibé réimse suime a roghnaíonn siad.

Cuirtear fáilte roimh thograí ceannródaíocha a thugann aghaidh ar réimsí taighde nua agus ar réimsí taighde atá ag teacht chun cinn nó tograí a bhfuil cur chuige cruthaíoch, nuálach ag baint leo. Cuirtear fáilte freisin roimh thograí idirdhisciplíneacha mar go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le faisnéis, teicnící, uirlisí agus dearcthaí ó dhá dhisciplín nó níos mó a chomhtháthú chun an tuiscint atá mar bhunús ag ábhair a chur chun cinn.

Comhpháirtithe Maoiniúcháin Straitéiseacha

Infheistíonn an Chomhairle i 200 scoláire iarchéime nua faoi Chlár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann gach bliain. Bronntar na dámhachtainí seo go cothrom thar réimse dhisciplíní: an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht, an mhatamaitic (STEM) agus na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta (AHSS).

Ar a bharr sin, cuireann an Chomhairle roinnt scoláireachtaí aonair ar fáil i gcomhar le ranna nó gníomhaireachtaí rialtais. Cuireann na comhpháirtíochtaí seo forbairt chumas taighde nua chun cinn i réimsí a bhfuil baint acu le misin na ranna seo.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Tá áthas ar an gComhairle a bheith ag obair leis na comhpháirtithe maoiniúcháin straitéiseacha seo a leanas do chlár 2019:

- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Rannóg Cúnamh Éireann);
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;

Cuirtear tuilleadh eolais faoin aidhm atá ag na scoláireachtaí atá maoinithe ag na comhpháirtithe ar fáil i ndoiciméid ghlaoigh 2020.

An-iomaíoch

Tá Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann an-iomaíoch, le meánráta ráthúlachta de 18% ann le cúig bliana anuas. Tá aitheantas domhanda ag an gclár agus meallann sé go leor iarratas ó mhic léinn idirnáisiúnta ar mian leo taighde den scoth a dhéanamh i gcóras ardoideachais agus taighde na hÉireann. Tá cothromaíocht inscne sa chlár le brath thar sruthanna STEM agus AHSS araon.

Aithnítear go bhfuil poitéinsiúil den chéad scoth mar cheannairí taighde don todhchaí léirithe ag iarrthóirí rathúlacha a bhaineann amach scoláireacht faoin gclár.

Tús maith do thaighde sa todhchaí agus rathúlacht ghairmiúil

Leanann Iarscoláirí de Chlár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann ar aghaidh agus bíonn gairmeacha rathúlacha i réimsí éagsúla taighde acu. Leanann líon suntasach iarscoláirí ar aghaidh chun róil iardhochtúireachta agus postanna acadúla a ghlacadh ar deireadh in institiúidí taighde, in Éirinn agus thar lear. Bíonn rath ar iarscoláirí na Comhairle in iarratais ar mhaoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I 2016, léirigh anailís a rinne an Chomhairle gurbh iarscoláirí nó maoirseoirí de chuid na Comhairle 77% de dhámhachtaithe na Comhairle Eorpach um Thaighde a fuair Deontas Tosaithe in Éirinn faoin gclár Horizon 2020. Don tréimhse chéanna, ba iarscoláirí nó maoirseoirí de chuid na Comhairle 67% de dhámhachtaithe na Comhairle Eorpach um Thaighde in Éirinn.

Ar a bharr sin, bíonn rath de ghnáth ar iarscoláirí de chuid an chláir i leith phríomhdhámhachtainí a fháil ó mhaoinitheoirí náisiúnta ar nós Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Bord Taighde Sláinte agus ón gComhairle féin dar ndóigh mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil.

Bíonn gairmeacha laistigh agus lasmuigh den saol acadúil ag iarscoláirí luathghairme na Comhairle. Saothraíonn an clár cumas taighde d'fhiontar, do bheartas poiblí, don earnáil phoiblí agus don tsochaí shibhialta, ag léiriú na riachtanais atá ann ar fud an gheilleagair, na sochaí agus an chultúir do shaineolas agus do scileanna ardleibhéil.

Cuireann an Chomhairle rannpháirtíocht phoiblí lena dtaighdeoirí maoinithe chun cinn agus tugann sí tacaíocht dó seo ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear an feachtas #LoveIrishResearch agus tionscnaimh ar leith ar nós a comhpháirtíocht le RTÉ Brainstorm.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Riachtanais na hÉireann d'eolas agus scileanna ardleibhéil a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí

Tacaíonn Clár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann le baint amach roinnt chuspóirí beartais phoiblí i leith taighde agus nuálaíochta. Is é príomhchuspóir Innovation 2020, nó straitéis na hÉireann don eolaíocht, teicneolaíocht, taighde agus forbairt, ná go mbeadh Éire ina ceannaire domhanda nuálaíochta.

Tá córas ardoideachais agus taighde na hÉireann ríthábhachtach chun an cuspóir thuas a bhaint amach trí todhchaí inbhunanaitheach agus rachmasach a chur chun cinn. Tá gá le éiceachóras láidir atá cothromaithe go ginearálta chun dul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta atá amach romhainn. Níos mó ná riamh, beidh cur chuige idirdhisciplíneach ag teastáil uainn, agus beidh gá le hinfheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh i réimse leathan smaointeoireachta agus cumais taighde.

Tá sé riachtanach tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt thaighdeoirí aonair i réimse leathan disciplíní agus ábhar chun go mbeadh córas oideachais ardfheidhmíochta againn. Cabhraíonn an Chomhairle leis an sprioc seo a bhaint amach ar na bealaí seo a leanas:

- cumas taighde a fhorbairt chun go mbeidh institiúidí ardoideachais Éireannacha in ann dul san iomaíocht ar an leibhéal is airde;
- ár n-inchinn is éirimiúla a choimeád agus taighdeoirí luathghairme den scoth a mhealladh go hÉirinn;
- clú-idirnáisiúnta na hÉireann a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí agus a chinntiú go n-éireoidh linn maoiniú Eorpach don taighde a fháil sa todhchaí; agus
- gníomhaíochtaí taighde don todhchaí ag teorainneacha an eolais a spreagadh.

Bíonn an-tóir ag fostóirí ar na scileanna a fhorbraíonn scoláirí na Comhairle — fiosracht intleachtúil, obair fhéinstiúraithe, teacht aniar nuair nach n-oibríonn rudaí amach — agus cabhraíonn torthaí taighde i bhfoirm fionnachtana agus nuálaíochta le hÉireann bheith san iomaíocht le haghaidh infheistíochta.